# Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge

# Waterford City and County Council

## Plean Corporáideach

## Corporate Plan

## 2014-2019

## Réamhrá le Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge



Táimid inár gcónaí in am corraitheach ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta agus go sóisialta de. Tá an-chuid denár noirm chultúrtha agus shóisialta iompaithe bun os cionn. Níl ár gceangail lenár bpobal chomh dlúth is a bhíodh. Do go leor againn, is fearr a léirítear na nascanna seo trí cheangail láidir áitiúla leis an eaglais, eagraíochtaí spórt, scoileanna agus gnóanna. Ag am a bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus "ceangail", mar a chímid le forbairt na meáin shóisialta, mar shampla, uaireanta táimid níos scaipithe ná ariamh ónár gclann, ónár gcairde agus ónár bpobal. Nuair a bhíonn athrú mór ar bun, bíonn níos mó gá ná riamh le ceannanais áitiúil a chothóidh cobhsaíocht agus cinnteacht. Teastaíonn ó dhaoine fios a bheith acu maidir le cá seasann siad agus mar eagraíocht nua tá deis iontach anois againn nasc a chothú in athuair lenár bpobail chun an chinnteacht agus an cobhsaíocht seo a chur ar fáil dóibh.

Tá athruithe mhóra, shuntasacha tagtha ar údarás áitiúil le blianta beaga anuas. Tá dúshláin fheidheannais agus pholaitiúla nach beag ag baint le roinnt des na hathruithe seo. Sa staid ina bhfuilimid, caithfidh sé a bheith mar phríoracht againn a chinntiú go bhfuil an timpeallacht ina bhfeidhmíonn daoine seasmhach agus comhdhlúite, chun iontaobhas na n-infheisteoirí, lucht gnó agus saoránaigh a fháil ar ais. Tabharfaidh sé seo aghaidh ar na dúshláin is tábhachtaí i gcás Phort Láirge, ar a n-áiríodh agus a n-áirítear:

- Comhnascadh Chomhairle Cathair Phort Láirge, Comhairle Contae Phort Láirge agus na comhairlí baile i nDún Garbhán, sa Trá Mhór agus sa Lios Mór
- Teorainneacha nua polaitiúla agus dinimic polaitiúil áitiúil atá athraithe
- Acmhainní laghdaithe ón Státchiste
- Timpeallacht áitiúil eacnamaíochta nach bhfuil chomh beoga de bharr an chúlaithe eacnamaíochta, agus dá bharr san níl foinsí maoinithe áitiúla ar fáil chomh héasca céanna
- Bunú Uisce Éireann
- Táillí uisce tí atá le teacht go luath
- Cáin Mhaoine Áitiúil ag teacht isteach

Braitheann gníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar acmhainní a bheith ar fáil, ach braitheann siad chomh maith ar na cúinsí ina bhfeidhmíonn an Chomhairle – idir seachtrach agus inmheánach. D'fhéadfadh an-chuid catalaígh agus bacanna seachtracha a bheith ann, idir reachtaíocht agus treorlínte ón AE agus ón rialtas náisiúnta, agus riachtanais an phobail áitiúil. Táimid go mór faoi thionchar ag an staid Náisiúnta eacnamaíochta chomh maith, dar ndóigh. Níl an dara rogha againn, chomh fada is a bhaineann sé le go leor des na rudaí seo. Maidir le nithe eile – laistigh de shrianta acmhainní áitiúla – ceist chothroime is ea í. Cothromaíocht idir príoracht amháin thar a chéile, idir réimse amháin thar a chéile, cothromaíocht idir an bhliain seo agus an bhliain seo chugainn, fiú amháin. Ach, sin ar fad ráite, caithfidh leas iomlán Phort Láirge a bheith mar cheann tiomána agus an príomh rud a thiomáineann cinntí nuair atá rogha le déanamh.

Tá na cúinsí inmheánacha ina fheidhmíonn an Chomhairle déanta suas don gcuid is mó des na baill thofa, an fhoireann agus na córais agus na teicneolaíochtaí a bhfuil glactha leo. Ón méid deileáil a bhí agam leis an bhfoireann agus leis na baill thofa sa chéad chúpla mí den gComhairle nua, is féidir liom a rá gan chuntar, go bhfuil siad ar fad, gan eisceacht, tiomanta do leas iomlán Phort Láirge. Tógfaidh sé roinnt ama sula mbeimid ar fad ar aon fhocal maidir le cad is brí le 'leas iomlán' agus conas ar cheart

dúinn tabhairt faoin leas sin a bhaint amach. Ach caithfidh an chomhthuiscint seo a bheith mar sprioc againn – ní hamháin comhthuiscint idir na baill thofa agus an fhoireann, ach caithfidh sé freagairt do riachtanais agus do phríorachtaí phobail agus shaoránaigh iomlána Phort Láirge.

Séard atá sa chéad Phlean Corporáideach seo de chuid na Comhairle nua ná iarracht díreach a leithéid sin a dhéanamh, sé sin ráitis a dhéanamh ar phríorachtaí agus ar chuspóirí straitéiseacha na Comhairle nua, agus dá bharr san, do phobal iomlán Phort Láirge. Céim an-thábhachtach ar an mbóthar chuig cinnteacht áitiúil go ceann i bhfad atá sa Phlean seo chomh maith, sa mhéid is go mbunaíonn sé (i dtimpeallacht atá ag athrú de shíor) na príorachtaí a stiúróidh gníomhaíochtaí na Comhairle seo ar feadh a saol, nó go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar na príorachtaí straitéiseacha úd. Is ceart go mbeidh an Plean Corporáideach seo mar lóchrann againn ... an rud a dtugann cinnteacht dúinn .... an rud a deireann linn ‘seo mar atá sé’. Séard is ceart a bheith i ngach polasaí agus plean áitiúil eile ná díreach ag leagan síos conas mar a dhéanfaimid ár ndícheall chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean seo a bhaint amach.

Ar deireadh, creidim go dáiríre gur féidir leis an bPlean Corporáideach seo oibriú ar mhaithe le comhfhís a bhunú do Chomhairle nua Cathrach agus Contae Phort Láirge agus a chinntiú go mbeidh Port Láirge mar áit níos fearr do chách. Os é seo ár n-uaillmhian agus os rud é go n-éiríonn linn é a bhaint amach, ansan, bheimis, dar liom, tar éis an-chuid a bhaint amach.

*An Comhairleoir James Tobin*
*Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge*

# ÁR RÁITEAS MISIN


**Sé ár misean ná a chinntiú go mbeidh Port Láirge ar an áit ab' fhearr agus ab' fhéidir dá saoránaigh go léir agus d'aon duine gur mhian leo cónaí ann, cuairt a thabhairt ar, obair ann nó infheistíocht a dhéanamh i bPort Láirge.**

# ÁR LUACHANNA

| | |
|---|---|
| **Cur le chéile** | Is mian linn labhairt d'aon ghuth do Phort Láirge agus dá phobal ar fad agus a bheith aontaithe inár ngníomhaíochtaí, soláthar seirbhíse agus ceannaireacht ar an gCathair agus ar an gContae |
| **Daonlathas** | Spreagfaimid rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas daonlathach, ar mhaithe le cinnteoireacht eolasach ónár mball tofa a éascú. Tabharfaimid tacaíocht dos na struchtúir dhaonlathacha áitiúla ag leibhéal an Cheantair Bhardasach agus Chathrach, chun cinnteoireacht rannpháirteach atá chomh gar agus is féidir don bpobal a éascú. |
| **Cuimsiú** | Lorgóimid deiseanna do chách maidir lenár ngníomhaíochtaí ar fad agus go mbeidh teacht ag an bpobal orthu agus cuirfimid meas don éagsúlacht agus don chuimsitheacht inár bpobail chun tosaigh. |
| **Ionracas** | Lorgóimid gach seirbhís d'ár gcuid a chur ar fáil le hionracas, le hoscailteacht agus le meas. |
| **Mar gheall ar dhaoine** | Aithnímid go bhfuil ár gcuid seirbhísí curtha ar fáil ar mhaithe leis an bpobal, agus tríd an phobal céanna. Dá bharr san, tá meas ar dhaoine mar dhaoine aonaracha agus mar phobail ag croílár na heagraíochta. |
| **Caighdeán** | In ainneoin an brú atá ar acmhainní, lorgóimid fiúntas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach inár gcuid seirbhísí ar fad. |

# AN BONN AGUS NA COLÚIN

## (NA PRÍORACHTAÍ STRAITÉISEACHA ATÁ AGAINN CHUN PORT LÁIRGE A NEARTÚ)



# ÁR mBONNEAGAR

**Tá sé i gceist againn:**

- **Uas-éifeachtúlacht ó na hacmhainní atá ar fáil a bhaint amach.**
- **Díriú ar chothabháil bóithre thar fheabhsú bóithre, le béim ar:**

  **- Dhraenáil bóithre**

  **- Mheicniúchán**

  **- Rannpháirtíocht an Phobail**
- **Cinntiú go bhfuil ár bhfoireann ar fad soiléir maidir lena gcuid rólanna agus freagrachtaí.**
- **Barrfheabhas a chur ar an athrú anonn go dtí Uisce Éireann agus na baoil a bhaineann leis an eagraíocht a bhainistiú, le béim ar**

  **- Leanúnachas Gnó**

  **- Bainistíocht Chostais**
- **Ardchaighdeán a lorg inár gcuid soláthairtí ar fad sa réimse phoiblí, thaitneamhachta agus áineasa, atá oiriúnach don timpeallacht thart thimpeall.**
- **Luach sócmhainní ár soláthar foirgneamh agus tithíochta a choimeád ag an leibhéal is fearr is féidir.**

**Ár Méadracht**

**Staid an bhóthair, mar a deintear suirbhéireacht air go bliantúil**
**Costais in aghaidh an aonaid do chothabháil agus d'fheabhsúchán**
**Comhlíonadh an Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann**
**Aitheantas seachtrach ó eagrais eile maidir leis an tslí ina gcuirimid ár taitneamhachtaí agus spásanna poiblí i láthair**
**Suirbhéanna ar bhail an stoic tithíochta**

# FORBAIRT EACNAMAÍOCH

**Tá sé i gceist againn:**

- **Plean Eacnamaíoch atá éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**
- **Cruthú fostaíochta a bheith chun tosaigh maidir lenár seirbhísí agus straitéisí ar fad.**
- **Díriú ar phostanna a ghiniúint sinn féin trí**
  **- Tacaíocht Fiontraíochta & Fiontraíocht a Chumasú**
  **- Rannpháirtíocht an Phobail**
- **Iarraidh a bheith ar an eagraíocht is fearr i gcomhair ghnólachtaí nuathionscanta agus infheistíocht isteach trí**
  **- Bonn costais íseal a choimeád**
  **- Comhéadan aon-stad a chur ar fáil do ghnó, tríd an Oifig Fiontair Áitiúil agus an Oifig um Fhorbairt Eacnamaíochta**
  **- Straitéis shoiléir a fhorbairt i gcomhair réitigh mhaoine d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach**
- **Ár bpríomh-réimsí nirt a aithint agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí imreoirí eile a ailíniú, an Ollscoil Theicneolaíochta agus leathnú ar na gníomhaíochtaí ag an Ospidéal Ollscoile san áireamh.**
- **Iarracht a dhéanamh luach a fhíorú ónár dtimpeallacht mhuirí ar leithleach.**
- **Díriú ar chláracha fostaíochta don óige.**

## Ár Méadracht

**Líon na gcuairteanna láithreán ón IDA**
**Táscairí Fostaíochta/Ioncam – comparáid le comhpháirtithe**
**Líon na bpostanna a cruthaítear ó Infheistíocht Dhíreach Eachtrach**
**Gnólachtaí nuathionscanta**
**Leibhéal dífhostaíochta an óige**
**Costais ghnó atá faoinár smacht - comparáid le comhpháirtithe**
**Soláthar Réitigh Réadmhaoine d'infheistíocht isteach**

# TURASÓIREACHT

**Cuirfimid in ord tosaíochta:**

- **Port Láirge a fhorbairt mar cheann scríbe do chuairteanna níos faide.**
- **Sainmhíniú a dhéanamh ar aonán comhtháite, ar nós "Fáinne na nDéise".**
- **Táirgí eile a fhorbairt, ar nós:**

  **Féarbhealach Phort Láirge; Na Comaraigh; Mount Congreve**

  **Triantán na Lochlannaigh; An Lios Mór; An Trá Mhór; Aird Mhór; An Dún Mór**

  **Cósta an Chopair; Gleann na hAbha Móire; Beanna na Mumhan**
- **Clár comhtháite brandála agus cumarsáide a fhorbairt.**
- **Sprioc-phobail a aithint.**
- **Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a fhorbairt.**
- **An ofráil chultúrtha agus fhéilte a fhorbairt.**
- **An táirge lóistín sa Chathair agus sa Chontae a fhorbairt a thuilleadh.**

**Ár Méadracht**

**Ardú i líon na gcuairteoirí**
**Ardú sa mheán-fhad fanacht**
**Ardú i líon na n-iostas oíche atá ar fáil**
**Ardú sa chaiteachas carnach ag cuairteoirí**

# LÁRIONAID UIRBEACHA PRÍOMHA

**I gCathair Phort Láirge déanfaimid:**

- **Athnuachan bunaithe ar mhiondíol a sholáthar i gCeantar Shráid Mhichíl/Shráid Eoin**
- **Athnuachan bunaithe ar na hEalaíona a sholáthar i gCeantar Shráid Uí Chonaill**
- **Comhcheangailt an Triantán Lochlannaigh le Lár na Cathrach a fheabhsú**
- **Éifeacht an Ghrúpa Bainistíochta do Lár na Cathrach a fhorbairt**

**I nDún Garbhán déanfaimid:**

- **Feabhsúcháin sa réimse phoiblí ó Thaisteal Níos Cliste a uasmhéadú.**
- **Limistéir Shráid Uí Chonaill a athnuachan.**
- **Na Céanna a aithint mar lárionad ó thaobh beogacht istoíche.**
- **Grúpa Bainistíochta do Lár an Bhaile a fhorbairt, ina mbeidh na páirtithe leasmhara ar fad páirteach.**

**Sa Trá Mhór déanfaimid:**

- **Soiléireacht ar shuí agus ar fheidhm an bhaile a fhorbairt.**
- **Tailte agus timpeallacht *Tramore Fáilte,* mar a bhíodh, a athnuachan.**
- **Príoracht a thabhairt d'athnuachan Lár an Bhaile, chomh maith lena chomhceangail le Dún Garbhán agus Port Láirge.**

**Déanfaimid na trí phríomh lárionaid uirbeacha a nascadh tríd an bhFéarbhealach agus lorgóimid a bheith mar chuid den gcosán náisiúnta straitéiseach (*Great Journey of Ireland*).**

**Ár Méadracht**

**Infhaighteacht miondíola – meascán agus candam in iomlán**
**Beogacht agus gníomhaíocht léirithe trí líon na gcustaiméirí**
**Braistint (Seachtrach agus Inmhéanach) tomhasaithe trí shuirbhéanna custaiméara**

# OIDHREACHT AGUS CULTÚR

**Déanfaimid:**

- **An Oidhreacht Nádúrtha iontach atá i bPort Láirge a fheabhsú**
- **Luach ár nAcmhainní Oidhreachta agus Cultúrtha a fhorbairt agus a fhíorú**
  **- ar mhaithe leis an bpobal**
  **- ar mhaithe le taithí d'ardchaighdeán do chuairteoirí**
- **A bheith nuálach maidir le húsáid na n-acmhainní oidhreachta agus cultúrtha**
- **Na hEalaíona a chur chun cinn, le béim faoi leith ar:**
  **- Ealaíona don Óige a fhorbairt i gCathair Phort Láirge**
  **- Inbhuanaitheacht Ionad**
  **-Daoine a aithint dá gcuid chruthaitheachta seachas iad díreach a bheith ann**
  **- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na hamharclannaíochta proifisiúnta**
- **Leathnaigh amach agus tabhair tacaíocht d'ár réimse d'fhéilte agus ghníomhaíochtaí agus caighdeáin a ardú.**
- **An Ghaeltacht mar chuid uathúil d'ár nOidhreacht a chur chun cinn agus a choimeád.**

**Ár Méadracht**

**Caighdeán ár n-oidhreacht ailtireachta**
**Réimse na ngníomhaíochtaí ealaíne**
**Réimse na ngníomhaíochtaí féilte**
**Líon na n-eagraíochtaí ealaíon**
**Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge atá ina gcónaí sa Ghaeltacht**

# COMHSHAOIL

**Tabharfaimid tosaíocht don méid seo a leanas:**

- **Cinntiú go bhfuil rochtain d'ardchaighdeán ar ár nOidhreacht Nádúrtha.**
- **Cinntiú go bhfuil ár lárionaid uirbeacha agus an contae in iomlán curtha i láthair sa tslí is fearr is féidir.**
- **Forbairt taitneamhachtaí cósta agus sléibhe, chomh maith le taitneamhachtaí go ginearálta.**
- **Cathair agus Contae atá sláintúil a fhorbairt.**
- **Na caighdeáin is fearr is féidir a chinntiú maidir le huiscí dromchla agus snámha.**
- **Cinntiú go bhfuil ár bhfeidhmeanna rialála seachadta ar bhonn neamhchlaonta**
- **Seirbhísí bhainistíochta dramhaíola d'ardchaighdeán a chur ar fáil agus a rialú mar is cuí.**
- **Cathair agus Contae a thacaíonn le daoine breacaosta a fhorbairt**

**Ár Méadracht**

**Méid na taitneamhachtaí**
**Ciliméadair na mBealaí Spaisteoireachta**
**Torthaí an IBAL agus na mBailte Slachtmhara**
**Torthaí caighdeán Uisce/an Aeir**
**Stádas na Cathrach Sláintiúil de chuid na hEagraíochta Dhomhanda Sláinte**

# DAOINE AGUS POBAIL

**Déanfaimid:**

- **Plean Pobail éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, le comhpháirteachas méadaithe ag gach leibhéal.**
- **Obair ar son pobail inbhuanaithe agus shábháilte a fhorbairt ar fud na Cathrach agus an Chontae**
- **Tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a dtugann cabhair dóibh féin, agus comhoibriú leo.**
- **Tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá, nó a mhothaíonn, eisiata.**
- **Déanamh cinnte de go bhfuil LEADER agus Forbairt Pobail ailínithe leis an Údarás Áitiúil.**
- **Coiste Forbartha Phobail Áitiúil éifeachtach a fhorbairt, chomh maith le Líonra Rannpháirtíochta Pobail.**
- **Díriú ar rannpháirtíocht an Phobail i bhforbairt eacnamaíoch agus i ngnóthachtáil oideachasúil.**
- **Díriú ar Athnuachan Shráidbhailte agus Bhailte.**
- **Fócas difriúil a chur ar Phobail Chomhleasa ag oibriú le chéile.**
- **Béim a chur ar cháilíocht beatha in eastáit tithíochta de chuid an Údaráis Áitiúil.**
- **Caighdeán an tsoláthair tithíochta a choimeád, agus líon na dtithe folmha a íoslaghdú.**
- **Soláthar tithíochta shóisialta den tsaghas cuí a uasmhéadú.**
- **Seirbhísí éigeandála atá oiriúnach don fheidhm a chothabháil.**

**Ár Méadracht**

**Innéacsanna Díothachta.**
**Líon agus gníomhaíocht na nGrúpaí Eacnamaíoch Pobail.**
**Staitisticí maidir le measúnú ar bhail tithe agus ar dheisiú tithe.**
**Líon na n-aonad tithíochta atá folamh.**
**Liostaí tithíochta i gcoibhneas lenár gcomhpháirtithe.**
**Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht pobail tríd an gComhchoiste Póilíneachta.**
**Rátaí rannpháirtíochta sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail.**

# ÁR SEIRBHÍSÍ

**Tá sé i gceist againn:**

- **A bheith uaillmhianach maidir le seirbhísí Éifeachtúil, Éifeachtach agus Cothrom a sholáthar.**
- **Pleananna seirbhíse bliantúla atá uaillmhianach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, le monatóireacht agus tuairisciú cuí.**
- **A chinntiú go bhfuil ár gcostais phárolla laghdaithe i gcoibhneas lenár mbonn ioncaim.**
- **Iarracht a dhéanamh chun seirbhísí i nDún Garbhán – Port Láirge a choimeád ar mhaithe le comhsheasmhacht agus infhaighteacht sheirbhísí do gach ceann des na Dúichí a chinntiú.**
- **Iarracht a dhéanamh a bheith pobal-dírithe agus cairdiúil, le béim ar phointe teagmhála amháin ag na Deasca um Sheirbhísí do Chustaiméirí inár bpríomh áiteanna.**
- **Rialú go neamhchlaonta le córais a chintíonn cothroime.**
- **A bheith trédhearcach i ngach gníomhaíocht.**
- **Ár seirbhísí a sholáthar trí dhaoine fiúntacha leis na scileanna cuí.**
- **Athrú chun freastal ar éilimh shochaíocha.**
- **A bheith treoraithe ag pleananna agus a bheith daonlathach.**
- **Samhail airgeadais agus struchtúir bhainistíochta chostais atá inbhuanaithe a chur ar fáil don eagraíocht.**
- **Infheistíocht stuama a dhéanamh inár n-acmhainní.**
- **Tacú le héilimh sheirbhíse atá ag athrú de shíor trí Chórais Fhaisnéise a chur i bhfeidhm.**
- **Iarracht Seirbhís Leabharlainne atá scaipthe agus inrochtana a chur ar fáil.**

**Ár Méadracht**

**Ár gcostais phárolla i gcoibhneas leis an mbuiséad iomlán agus i gcoibhneas le comhpháirtithe.**
**Ár gcostais i gcoibhneas lenár gcomhpháirtithe.**
**Ár seirbhís i gcoibhneas lenár gcomhpháirtithe.**
**Measúnú cáilíochtúil ar eispéireas an chustaiméara agus ar pháirtí leasmhair.**
**Acmhainní curtha i dtreo oiliúint.**
**% de laghdú sa bhonn costais.**
**% de bhailiú ioncaim.**

# CUMARSÁID

**Tá sé i gceist againn:**

- **Straitéis Chumarsáide a fhorbairt, ag aithint na n-eochair-pháirtithe leasmhara agus na huirlisí.**
- **Acmhainní a chur ar fáil do chur chun cinn agus d'fheasacht chorporáideach ar bhonn réamhghníomhach**
- **Forbairt branda le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chinntiú.**
- **Caidreamh dearfach leis na meáin a fhorbairt.**
- **Cumarsáide ar-líne a chur chun cinn, ag dul le héilimh shochaíocha.**
- **Caidreamh nua a fhorbairt le custaiméirí maidir le rannpháirtíocht agus aischothú.**
- **Obair go réamhghníomhach le páirtithe leasmhara Turasóireachta ar ghníomhaíochtaí spreagtha.**
- **Cur chuige cumarsáide comhsheasmhach a neadú ar fud na heagraíochta.**
- **Cairt Chustaiméirí a fhorbairt, le ceadú ag an gComhairle.**

**Méadracht**

**Dul i bhfód sna Meáin**

- **Idirnáisiúnta**
- **Náisiúnta**
- **Réigiúnach**
- **Áitiúil**

**Suirbhéanna ar bhraistint an Chustaiméara.**

**Agaí freagartha an Chustaiméara.**

## Tráchtaireacht ó Mhichael Walsh, Príomhfheidhmeannach



Tá an Plean Corporáideach seo á ghlacadh in imthoscaí ar leithligh, san áit go bhfuil eagraíocht nua bunaithe agus deis atá ann anois a chuid príorachtaí a bhunú agus iad a leagan síos go soiléir, ionas gur féidir leis na páirtithe leasmhara go léir ár gcuspóir agus fócas ár n-acmhainní sna blianta amach romhainn a fheiscint.

Agus í ag glacadh leis an bPlean Corporáideach seo, dhein an Chomhairle iarracht d'aon ghnó é a choimeád ag leibhéal ard, le méadracht a léiríonn leas iomlán Phort Láirge sna réimsí a thagann go díreach faoi smacht agus tionchar na Comhairle seo. Tríd na pleananna bliantúla do sholáthar seirbhíse, is féidir linn díriú níos mó ar bhunléiritheoirí seirbhíse na heagraíochta agus beidh siad dréachtaithe ar an bPlean seo, ag tabhairt airde ar na bun-chuspóirí atá ann.

Tá sé i gceist againn bonnlíne shoiléir a bhunú maidir leis an méadracht ard-leibhéil agus tuairisc a thabhairt orthu seo faoi dhó sa mbliain. Beidh an tuairisciú ar na bunléiritheoirí seirbhíse ar siúl maraon le Tuairisc Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig na Comhairle.

De bharr na dtráthcláir a bhain leis an bpróiseas chomhnascaithe, ní raibh sé indéanta comhairlúcháin chomh forleathan is ar mhaith linn a bheith againn, agus dá bharr san, tá sé i gceist againn tabhairt faoi athbhreithniú iomlán sa bhliain amach romhainn. Tabharfaidh sé seo deis dúinn dul i dteagmháil leis an Líonra Páirtíochta Pobail agus tabharfar aird ar na Pleananna Eacnamaíochta agus Pobail atá á fhorbairt faoi láthair faoi choimirce an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil. Ceadóidh sé lán rannpháirtíocht na gCoistí um Beartais Straitéiseacha ábhartha chomh maith.

D'ainneoin go bhfuil líon mór polasaithe agus pleananna ag an eagraíocht nua seo le forbairt agus le hathbhreithniú a dhéanamh orthu, tá mé sásta go dtugann an Plean Corporáideach seo radharc shoiléir ar ár bpríorachtaí dos na blianta amach romhainn. Clár oibre is ea é d'ullmhúchán na bPleananna Seirbhíse Bliantúla agus d'ár gComhairle chun monatóireacht a dhéanamh ar na cuspóirí ardleibheál agus is féidir leis feidhmiú mar fhócas don eagraíocht comhoibriú le chéile ar mhaithe le feabhsú Phort Láirge ina iomláine.

***Michael Walsh***
***Príomhfheidhmeannach***
***Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge***